# Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025

Le haghaidh DIAnna agus LDIAnna

Leabhrán Foghlama Gairmiúla

2025-2026

## Eolas Tábhachtach

Ba chóir go mbeadh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus an Ciorclán 0041/2025 a ghabhann leo mar phríomhfhoinse faisnéise do phearsanra na scoile ar chúrsaí a bhaineann le cosaint leanaí.

Níl sé i gceist go mbeifí ag plé le hábhar an Imeachta seo na Foghlama Gairmiúla agus an Leabhráin seo na Foghlama Gairmiúla in áit éirí go hiomlán cleachta leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Uimhir an Chiorcláin 41/2025

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Scoileanna Aitheanta Bunleibhéil, Dara Leibhéil, Pobail, agus Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Foilseachán *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025***

**1. Cuspóir an chiorcláin seo**

Is é príomhaidhm an chiorcláin seo chun cur in iúl do na húdaráis bhainistíochta scoile gur nuashonraíodh agus gur athfhoilsíodh na comhairliúcháin seo a leanas idir an Roinn Oideachais agus na comhpháirtithe oideachais, tabharfar "nósanna imeachta nuashonraithe" ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna,* as seo amach.

**2. Eolas ginearálta agus an dáta ar a gcuirfear i bhfeidhm é**

**2.1** Tiocfaidh na nósanna imeachta nuashonraithe isteach in ionad na nósanna imeachta a foilsíodh in 2017 agus a athbhreithníodh in 2023 agus cuirfear an ciorclán seo in ionad chiorclán 0036/2023.

**2.2** Baineann na nósanna imeachta seo le gach bunscoil agus le gach iar-bhunscoil agus le gach ionad oideachais (mar a mhínítear san Acht Oideachais, 1998), lena n-áirítear áiseanna cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta, ar a bhfreastalaíonn páistí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois.

**2.3** Ba cheart aird an phearsanra scoile uile agus aird na mball bainistíochta uile a tharraingt ar na nósanna imeachta nuashonraithe. Cuirfidh an bord bainistíochta na nósanna imeachta i bhfeidhm tráth nach déanaí ná a gcruinniú deiridh roimh an 31 Nollaig 2026. Is féidir le scoileanna na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm am ar bith roimh an dáta seo. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, ní mór don bhord a chinntiú go bhfuil úsáid á baint as na teimpléid is déanaí a chuireann an Roinn ar fáil don Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca. Tá acmhainní ar fáil ar: Nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí do scoileanna

**2.4** Cuirfidh an Roinn oiliúint ar fáil do Dhaoine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIAnna) agus do Leas-Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIAnna). Tá sé

## Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha

## Príomhghníomhaíocht Foghlama

1. Breac síos do phríomhphointí foghlama
2. Liostaigh aon ghníomhartha a eascraíonn as seo duitse mar DIA / LDIA

**Seisiún a hAon**

**Seisiún a Dó**

**Seisiún a Trí**

**Aguisín 1**

## Achoimre ar Chaibidlí agus ar na Príomhathruithe

### Caibidil 1 – Réamhrá

Tugann an chaibidil seo réamhrá ar na nósanna imeachta agus cuimsítear inti sonraí faoin gcreat dlíthiúil ar a bhfuil an beartas leasa agus cosanta leanaí bunaithe.

Tugadh cothrom le dáta í chun an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 agus an tAcht um Shábháilteacht agus Rialáil na Meán ar Líne (OSMR) 2022 a áireamh.

### Caibidil 2 – Mí-Úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint

Déanann an chaibidil seo cur síos ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide agus tugtar breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir mí-úsáid a aithint. Cuimsítear inti freisin rannán maidir le déileáil le nochtadh ó leanaí.

Tugadh an chaibidil cothrom le dáta chun rannáin a áireamh a bhaineann le cén uair a éiríonn bulaíocht ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí agus an idirghníomhaíocht idir Iompraíochtaí Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime – Treoirlínte do Scoileanna maidir le Tacú le Scoláirí agus ceisteanna cosanta leanaí.

### Caibidil 3 – Líomhaintí Mí-Úsáide Siarghabhálacha

Is caibidil nua í seo sna nósanna imeachta maidir le líomhaintí mí-úsáide siarghabhálacha – mí-úsáid a d'fhulaing duine fásta a tharla le linn a n-óige. Tugtar breac-chuntas ann cén uair a cheanglaítear ar dhuine sainordaithe líomhaintí den sórt sin a thuairisciú do Tusla agus/nó don Gharda Síochána, lena n-áirítear an tAguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2025), agus tugtar comhairle do scoileanna conas freagairt nuair a chuireann duine fásta líomhain ar a súile dóibh.

### Caibidil 4 – Róil agus Freagrachtaí

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar róil agus ar fhreagrachtaí phearsanra uile na scoile maidir le cosaint leanaí. Tugadh cothrom le dáta í chun soiléireacht a thabhairt faoi ról na ndaoine sainordaithe agus na mball neamh-shainordaithe ar fhoireann na scoile. Tugtar breac-chuntas ann ar ról an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin maidir le cúrsaí um chosaint leanaí. Cuimsítear inti freisin sonraí faoi ról leathnaithe na Leas-Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA).

## Caibidil 5 – Ábhar Imní a Thuairisciú

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na nósanna imeachta tuairiscithe atá le leanúint do phearsanra uile na scoile chun a chinntiú, sa chás go bhfaigheann siad líomhain nó go bhfuil amhras orthu go mb’fhéidir go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh nó go ndearnadh faillí ann, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á dhéanamh nó go bhfuil sé i mbaol mí-úsáide nó faillí, go ndéantar an t-ábhar a thuairisciú gan mhoill. Tugtar inti mionsonraí ar leith maidir leis an ngníomh atá le déanamh ag baill de phearsanra na scoile, múinteoirí cláraithe, an DIA agus LDIA i gcásanna den sórt sin. Tugtar breac-chuntas inti freisin ar an ngníomh atá le déanamh nuair a thuairiscíonn tuismitheoir ábhar imní maidir le cosaint leanaí i ndáil lena leanbh féin nó sa chás go n-ardaíonn duine éigin lasmuigh de phobal na scoile ábhar imní maidir le cosaint leanaí.

## Caibidil 6 – Conas Tuairisc a Dhéanamh do Tusla

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na nósanna imeachta atá le leanúint chun a chinntiú go ndéantar gach ábhar imní maidir le cosaint agus cumhdach leanaí a thuairisciú do Tusla, lena n-áirítear nuair a bhíonn idirghabháil phráinneach ag teastáil. Tugtar breac-chuntas inti freisin ar an rud a tharlaíonn tar éis do Tusla an tuairisc a fháil.

## Caibidil 7 – Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

Soláthraíonn an chaibidil seo treoir do scoileanna i gcásanna ina ndéantar líomhain mhí-úsáide i gcoinne fostaí scoile, lena n-áirítear líomhaintí i gcoinne an DIA nó comhalta den bhord bainistíochta. Tugadh cothrom le dáta í chun líomhaintí a áireamh i gcoinne oibrithe deonacha agus rannán a áireamh ar ábhair imní faoi chosaint leanaí a d'ardódh tuismitheoir i gcoinne baill de phearsanra na scoile.

## Caibidil 8 – Coimeád Taifead

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na heochairphrionsabail maidir le coimeád taifead i dtaca le hábhair imní faoi chosaint leanaí. Áirítear í mar chaibidil inti féin sna nósanna imeachta chun tacú le comhlíonadh den dea-chleachtas maidir le coimeád taifead. Áirítear inti treoir maidir le cáschomhaid um chosaint leanaí a chruthú, taifid a stóráil, agus ceanglais maidir le hatheagar agus le hanaithnidiú comhad.

## Caibidil 9 – Ceanglais um Chumhdach Leanaí

Soláthraíonn an chaibidil seo treoir do bhoird bhainistíochta scoile maidir lena n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le ráiteas um chumhdach leanaí agus measúnú riosca a sholáthar. Cuimsítear inti treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a fhoilsiú, a chur ar taispeáint agus a roinnt, an próiseas chun measúnú riosca a dhéanamh, agus an t-athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

## Caibidil 10 – Nósanna Imeachta agus Riachtanais Earcaíochta maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Soláthraíonn an chaibidil seo treoir do scoileanna maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tugadh cothrom le dáta í chun na ceanglais maidir le teistiméireachtaí a lorg agus tagairtí a sholáthar a neartú. Treisítear inti freisin an ceanglas atá ar scoileanna a chinntiú go gcaithfidh gach duine a ghlacann le poist sa scoil dearbhuithe reachtúla bailí agus foirm ghealltanais a chur ar fáil.

## Caibidil 11 – Oiliúint agus Tacaíochtaí

Mínítear sa chaibidil nua seo gur gá do bhoird bhainistíochta a chinntiú go mbíonn an t-eolas riachtanach ag gach ball de phearsanra scoile agus ag baill den bhord bainistíochta ar na nósanna imeachta chun go mbeidh ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Áirítear inti an gá atá ann lena chinntiú go ndéantar oiliúint a athnuachan gach trí bliana ar a laghad.

## Caibidil 12 – Maoirseacht

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na bearta tábhachtacha maoirseachta a theastaíonn chun a chinntiú agus a thaispeáint go bhfuiltear ag cloí le hoibleagáidí reachtúla an Achta um Thús Áite do Leanaí agus le hoibleagáidí dea-chleachtais na Treorach Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí.

## Ról leathnaithe an LDIA

- Tacú leis an DIA chun cinntiú go gcloítear le nósanna imeachta um chosaint leanaí.
- Tacú leis an DIA le coimeád taifead cuí.

- Tacú leis an DIA chun cinntiú go gcloítear le gach nós imeachta maidir le tuairisciú.
- Coinneoidh an DIA an LDIA cothrom le dáta maidir le cásanna gníomhacha.

Cad iad na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le **ról leathnaithe an LDIA** i do scoil?

## Ábhair Imní a Thuairisciú – Príomhchéimeanna




## Conas Tuairisc a Dhéanamh do Tusla




## Cad é a tharlaíonn tar éis do Tusla tuairisc a fháil




## Cás ó thús go deireadh

| Cás 1 | |
|---|---|
| Tá ábhar imní faoi chosaint leanaí ag múinteoir (nach mbaineann le bulaíocht nó le ball de phearsanra scoile) maidir le scoláire ina rang. Dhírigh sí d'aird ar an ábhar imní faoi chosaint leanaí. Nuair a lorgaíonn tú comhairle ó Tusla, cuirtear in iúl duit go gcomhlíonann an t-ábhar imní tairseach an dochair. | |
| **Céimeanna atá le glacadh** | **Tacaíocht/ Teimpléad agus foinse** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| **Cén chaoi a gcuirtear an fhaisnéis seo isteach sa TMCL?** |
|---|
| |
| **An gá don Bhord Bainistíochta (BB) maoirseacht a dhéanamh ar an gcáschomhad seo? Cén fáth?** |
| |

| **Cás 2** |
|---|

| Díríonn Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) d'aird ar ábhar imní maidir le cosaint leanaí (nach mbaineann le bulaíocht nó le ball de phearsanra scoile). Lorgaíonn tú comhairle ó Tusla. Cuirtear in iúl duit nach gcomhlíonann an imní tairseach an dochair agus nár chóir í a thuairisciú. Ar bhonn na comhairle, socraíonn tú gan an t-ábhar a thuairisciú do Tusla. | |
|---|---|
| **Céimeanna atá le glacadh** | **Tacaíocht/ Teimpléad agus foinse** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| **Cén chaoi a gcuirtear an fhaisnéis seo isteach sa TMCL?** |
|---|
| |
| **An gá don Bhord Bainistíochta (BB) maoirseacht a dhéanamh ar an gcáschomhad seo? Cén fáth?** |
| |

## Gníomhaíocht um Chumhdach Leanaí

Cad iad na córais agus na struchtúir atá i bhfeidhm agat chun scoláirí a chumhdach?






## Leabhráin um Chosaint Leanaí




Déan plé ar an gcaoi a mbeidh an Leabhrán ar an gCáschomhad um Chosaint Leanaí ina chuidiú agat chun cáschomhad um chosaint leanaí a ullmhú.

Déan plé ar an gcaoi a mbeadh na tacaí seo ina gcuidiú agat chun Tuairisc Mhaoirseachta maidir le Cosaint Leanaí a ullmhú.







Déan plé ar an gcaoi ar féidir na tacaí nua seo a úsáid chun aiseolas a bhailiú ó na páirtithe leasmhara go léir i dtaca le comhlíonadh na scoile maidir le ceanglais chosanta.

## Foirm Thuairiscithe Tusla

## Leabhráin Tacaíochta CL ROÓ

## Nótaí